**Fógra faoi shocruithe idirthréimhseacha i dtaca leis an Rialachán nua maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, a bheidh infheidhme ón 1 Eanáir 2020**

Ón 1 Eanáir 2020 ar aghaidh, beidh feidhm ag rialacha nua maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.

De réir na rialacha sin, aisghairtear '*Rialachán (AE) Uimh. 211/2011* ('na seanrialacha') *le héifeacht ón 1 Eanáir 2020*' (féach Airteagal 26).

Le Rialachán (AE) 2019/788 ('na rialacha nua') foráiltear freisin do shocruithe idirthréimhseacha; i.e. '*leanfaidh Airteagal 5 go hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 de bheith i bhfeidhm tar éis an 1 Eanáir 2020 maidir le tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh atá cláraithe roimh an 1 Eanáir 2020*' (féach Airteagal 27).

**Cad a tharlóidh do thionscnaimh a cláraíodh roimh dheireadh 2019 agus atá ar tí ráitis tacaíochta a bhailiú nó atá á mbailiú cheana féin? An mbeidh ar eagraithe na foirmeacha lena mbailítear ráitis tacaíochta agus a gcórais bailithe ar líne a mhodhnú?**

Aon tionscnamh ó na saoránaigh a cláraíodh faoi dheireadh 2019, beidh air cloí leis na seanrialacha maidir le ráitis tacaíochta a bhailiú, go háirithe leis na coinníollacha agus na ceanglais sonraí a bhaineann le sínitheoirí. Beidh ar na heagraithe cloí leis na seanrialacha maidir le córais bailithe ar líne (ar leithligh) chomh maith.

Fágann sé sin go mbeidh ar na heagraithe nár thosaigh ag bailiú ráitis tacaíochta ar líne go fóill, go mbeidh orthu córas bailithe ar líne ar leithligh dá gcuid féin a bhunú agus go mbeidh ar an údarás ábhartha sna Ballstáit ina bhfuil an córas á óstáil é a dheimhniú dóibh.

I gcás na dtionscnamh atá ag bailiú ráitis tacaíochta cheana féin, ní bheidh aon athrú ag teastáil a mhéid a bhaineann sé le foirmeacha (agus ceanglais sonraí) maidir le ráitis tacaíochta a bhailiú. Ní bheidh orthu aon mhodhnú a dhéanamh ar a gcórais bailithe ar líne ach oiread.

**Nuair a bheidh an líon ráiteas tacaíochta is gá bailithe ag tionscnamh a cláraíodh roimh an 1 Eanáir 2020, cad iad na rialacha is ceart a leanúint?**

Ní athróidh na rialacha maidir le deimhniú na ráiteas tacaíochta a bailíodh le haghaidh aon tionscnamh a cláraíodh roimh an 1 Eanáir 2020.

Ní athróidh na rialacha maidir leis an tionscnamh a thíolacadh don Choimisiún ach oiread. Ní bheidh aon sprioc-am ann chun sin a dhéanamh, ach beidh ar na heagraithe a bheith ar an eolas faoi na tréimhsí coinneála sonracha i dtaca leis na ráitis tacaíochta a bailíodh a choinneáil (leis na rialacha nua foráiltear do sprioc-am 3 mhí, ach ní bheidh feidhm aige sin ach amháin maidir le tionscnaimh a chlárófar tar éis an 1 Eanáir 2020).

Mar sin féin, nuair a dhéanfar tionscnamh a thíolacadh don Choimisiún, beidh feidhm ag na rialacha nua maidir leis an gcéim scrúdúcháin; ciallaíonn sé sin go háirithe go mbeidh ar an gCoimisiún a fhreagra a thabhairt laistigh de sprioc-am 6 mhí (in ionad an sprioc-ama 3 mhí a bhí ann faoi na seanrialacha).

**Cad é an sprioc-am a bheidh ag an gCoimisiún chun a fhreagra a thabhairt ar thionscnamh ar éirigh leis agus a tíolacadh ag deireadh 2019? 3 mhí nó 6 mhí?**

Maidir le scrúdúchán a dhéanamh ar na tionscnaimh ar éirigh leo, beidh 6 mhí seachas 3 mhí ag an gCoimisiún chun an Teachtaireacht ón gCoimisiún a ghlacadh i gcás tionscnaimh a tíolacadh roimh dheireadh na bliana 2019.

**I gcás tionscnaimh a cláraíodh roimh an 1 Eanáir 2020, an mbeidh ar choistí saoránach aon chuid dá struchtúr reatha a mhodhnú?**

Ón 1 Eanáir 2020 ar aghaidh, is 'grúpaí d'eagraithe' a thabharfar ar choistí saoránach. Ní bheidh orthu aon athrú a dhéanamh ar a struchtúr reatha, ach beidh cead acu na rialacha nua a leanúint agus níos mó ball a chur lena ngrúpa más mian leo.

Ní bheidh cead acu, áfach, eintiteas dlítheanach a bhunú. Is ag tionscnaimh a chlárófar ón 1 Eanáir 2020 ar aghaidh, agus acu sin amháin, a bheidh an deis sin.